Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10800 – AHLSELL / SANISTAL)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 410/09)

1. An 17 Deireadh Fómhair 2022 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Ahlsell Danmark ApS (an Danmhairg, "Ahlsell"), faoi rialú CVC Capital Partners SICAV-FIS S.A. (Lucsamburg, "CVC")

— Sanistål A/S (an Danmhairg, "Sanistal")

Gheobhaidh Ahlsell rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Sanistal ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna agus trí bhíthin tairiscint phoiblí a fógraíodh an 24 Bealtaine 2022.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is mórbhainisteoir infheistíochta domhanda a dhíríonn ar chothromas príobháideach, margaí tánaisteacha cothromais phríobháidigh agus creidmheas é CVC.

— Is cuideachta punainne ciste de chuid CVC é Ahlsell, chomh maith le miondíoltóir agus dáileoir táirgí, uirlisí agus soláthairtí suiteála den chuid is mó do chustaiméirí gairmiúla sa réigiún Nordach.

— Soláthraíonn Sanistal réimse leathan táirgí a dhíríonn go príomha ar phluiméireacht, téamh, aeráil, aerchóiriú agus uirlisí agus soláthairtí, lena n-áirítear trealamh cosanta pearsanta, do na hearnálacha tionsclaíochta agus tógála sa Danmhairg agus sna Stáit Bhaltacha.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin, áfach.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le láimhseáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10800 – AHLSELL / SANISTAL

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË